Lúnasa 2024/QG12 © QQI

Earnáil-Shonrach

# Forais Cháiliúcháin Liostaithe

**Treoirlínte Reachtúla um Dhearbhú Cáilíochta arna gcur i dtoll a chéile ag QQI le haghaidh Forais Cháiliúcháin Liostaithe a dhéanann teagmháil le QQI ar bhonn deonach.**

Arna chomhchistiú ag an Aontas Eorpach

Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann
Quality and Qualifications Ireland

# 1. RÉAMHRÁ

Forlíonann na treoirlínte reachtúla, sainearnála, dearbhaithe cáilíochta (DC) seo d'fhorais cháiliúcháin liostaithe (LABanna) na Croí-Threoirlínte um Dhearbhú Cáilíochta atá infheidhmithe do **gach** soláthraí ach a fheidhmíonn mar phríomhfhoinse treorach do na LABanna neamhsholáthraí. Cé go soláthraíonn na Croí-Threoirlínte Reachtúla um Dhearbhú Cáilíochta an chuid is mó den treoir um dhearbhú cáilíochta (DC) a theastaíonn, dírítear sna treoirlínte sainearnála seo ar cheanglais níos sainiúla na LABanna. Ní cheanglaítear ar LABanna ach díriú ar chritéir a bhaineann lena gcomhthéacs aonair nuair a bhíonn a nósanna imeachta DC féin á gcur i dtoll a chéile acu. Ba cheart do LABanna tagairt a dhéanamh freisin do threoirlínte DC eile atá sainiúil do thopaic QQI, de réir mar is cuí.

Is foras cáiliúcháin é LAB nach bhfuil cumhachtaí dámhachtana reachtúla aige sa Stát agus a dhéanann iarracht go deonach a gcuid dámhachtainí a chuimsiú laistigh den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí. Tá an t-údarás ag na forais seo dámhachtainí a dhéanamh a cheadaíonn QQI lena gcuimsiú laistigh den CNC agus atá liostaithe i gClár Cáilíochtaí na hÉireann (IRQ). Tá freagrachtaí ar roinnt LABanna i leith soláthraithe comhlachaithe in Acht 2012 (arna leasú). Is soláthraithe comhlachaithe iad na soláthraithe sin atá fostaithe ag LAB chun na cláir oideachais agus oiliúna a sheachadadh as a leanfaidh dámhachtain an LAB atá cuimsithe laistigh den Chreat.

Tá trí chineál LAB ann:

A. **LABanna Soláthraí** - Eagraíochtaí a sheachadann a gcláir féin as a leanann dámhachtainí atá cuimsithe laistigh den Chreat.

B. **LABanna Neamhsholáthraí** - Eagraíochtaí a fhostaíonn soláthraithe eile, ar a dtugtar soláthraithe comhlachtaithe, chun na cláir as a leanfaidh dámhachtainí a bhfuil sé beartaithe iad a chuimsiú laistigh den Chreat a sheachadadh.

C. **LABanna Cumaisc** - Is féidir le heagraíochtaí múnla cumaisc a oibriú trína seachadann siad cuid dá gcláir féin as a leanann dámhachtainí a bheartaítear a chuimsiú laistigh den Chreat agus soláthraithe comhlachaithe a fhostú chun cláir eile a sheachadadh as a leanfaidh dámhachtainí a bheartaítear a chuimsiú laistigh den Chreat.

Ceanglaítear ar gach ceann de na trí chineál LAB féachaint do na treoirlínte seo agus a nósanna imeachta DC féin á gcur i dtoll a chéile acu faoi S55F(2) d'Acht 2012 (arna leasú). Ní mór do LABanna neamhsholáthraí agus cumaisc a bheith sásta go bhfuil nósanna imeachta cuí DC i bhfeidhm ag a soláthraithe comhlachaithe, agus ní mór dóibh seo na treoirlínte ábhartha arna n-eisiúint ag QQI a chomhlíonadh.

Ceanglaítear ar QQI nósanna imeachta DC na LABanna soláthraí agus cumaisc a cheadú mar go meastar na cineálacha LAB seo mar sholáthraí ábhartha faoin Acht. Caithfidh QQI a bheith sásta le raon feidhme agus le héifeachtúlacht nósanna imeachta DC na LABanna neamhsholáthraí cé nach riachtanas docht é ceadú foirmiúil a bheith acu.

## 1.1 CAD É CUSPÓIR NA DTREOIRLÍNTE SEO?

Dírítear sna treoirlínte QA reachtúla, sainearnála seo ar fhreagrachtaí na LABanna i gcomhthéacs a gcuid dámhachtainí a chuimsiú laistigh den CNC. Leagann na treoirlínte seo amach treoirlínte

breise, reachtúla, DC a bhaineann go sonrach le LABanna a thagann chuig QQI ar bhonn deonach chun críche:

- iad féin a bhunú mar LAB
- dámhachtainí a chuimsiú laistigh den Chreat.

Níl baint ag ceadú nósanna imeachta DC ach amháin i gcomhthéacs a bhunaithe mar LAB, agus dhámhachtainí atá cuimsithe laistigh den Chreat. Níl aon seasamh ann féin ag ceadú nósanna imeachta DC mar ní thugann sé aon stádas aonair d'fhoras cáiliúcháin. Tá baint ag an stádas mar LAB le córas ceadaithe, monatóireachta agus athbhreithnithe a ghabhann thar nósanna imeachta DC a cheadú.

Ba cheart do LABanna a úsáideann soláthraithe comhlachaithe a chinntiú go bhfuil nósanna imeachta DC i bhfeidhm ag soláthraithe comhlachaithe a shásaíonn na treoirlínte ábhartha arna n-eisiúint ag QQI.

### 1.2 CAD LEIS A MBAINEANN SIAD?

Baineann na treoirlínte seo le LABanna.

## 2. RAON FEIDHME NÓSANNA IMEACHTA UM DHEARBHÚ CÁILÍOCHTA

Tá sé beartaithe go mbeidh nósanna imeachta DC faoi úinéireacht na bhforas cáiliúcháin LAB cuimsitheach maidir le DC a ndámhachtainí agus nuair is ábhartha, DC seachtrach a sholáthraithe comhlachaithe.

Baineann ceadú QQI do nósanna imeachta DC na LABanna soláthraí agus LABanna cumaisc a bhaineann leis na cláir sin as a leanann dámhachtainí atá cuimsithe laistigh den CNC, agus seirbhísí gaolmhara. Cuimsíonn sé seo na struchtúir rialachais agus bainistíochta foriomlána atá i bhfeidhm san institiúid chun tacú le seachadadh na gclár sin as a leanfaidh dámhachtainí CNC.

Ceanglófar ar *fhorais cháiliúcháin neamhsholáthraí* freisin nósanna imeachta DC a bhaineann leis na cláir sin as a leanann dámhachtainí atá cuimsithe laistigh den CNC, agus seirbhísí gaolmhara a chur i láthair le béim ar leith ar cheadú, athbhreithniú agus monatóireacht ar nósanna imeachta DC na soláthraithe comhlachaithe. Tá LABanna a úsáideann soláthraithe comhlachaithe freagrach as DC an teagaisc, na foghlama agus, nuair is cuí, an mheasúnaithe a sheachadann agus a sheolann an soláthraí comhlachaithe. Sa chás gur soláthraí ábhartha é soláthraí comhlachaithe faoin Acht, agus go bhfuil a nósanna imeachta DC ceadaithe ag QQI, is féidir le LAB glacadh leis an gceadú seo in ionad a cheadú QA féin a sheoladh. Tá LABanna freagrach go hiomlán as DC soláthraithe nach bhfuil faoi shainchúram QQI.

Bíonn raon feidhme na nósanna imeachta DC atá le bunú ag na LABanna nasctha go hiondúil le comhthéacs an fhorais cháiliúcháin, lena spriocanna foriomlána agus raon feidhme na ndámhachtainí agus an tsoláthair, lena n-áirítear líon agus cineál na soláthróirí comhlachaithe, agus bíonn tionchar aige orthu. Áirítear leis seo, ach níl sé teoranta dóibh:

- Leibhéil agus cineálacha na ndámhachtainí a fhéachann LABanna ionchasacha le cuimsiú laistigh den CNC.
- Réimse na foghlama agus/nó an fhearainn ghairmiúil a bhaineann leis na dámhachtainí.
- Na módúlachtaí teagaisc agus foghlama atá molta.
- Líon na ndámhachtainí a mholtar lena gcuimsiú laistigh den Chreat.
- Líon agus cineál na soláthróirí comhlachaithe a úsáidtear.
- Na struchtúir thacaíochta d'fhoghlaimeoirí atá i bhfeidhm.

## 3. RIALACHAS AGUS BAINISTÍOCHT

Cinnteoidh na LABanna go mbeidh coistí inmheánacha agus struchtúir rialachais oiriúnach do scála, raon feidhme agus méid na heagraíochta agus na socruithe dámhachtana atá i bhfeidhm. Cinnteoidh na LABanna go bhfuil cinnteoireacht acadúil (ábhair a bhaineann le hoideachas agus oiliúint) neamhspleách ar chúinsí tráchtála nó ar thionchar míchuí úinéirí gnó.[1]

Ní mór go mbeadh struchtúir rialachais, bainistíochta agus cinnteoireachta oiriúnach don fheidhm ag tacú le nósanna imeachta DC na LABanna agus caithfidh nósanna imeachta DC a bheith ann chun:

- A stádas mar LAB a choinneáil agus a chinntiú go leanann dámhachtainí a chuimsítear laistigh den Chreat de bheith ar ardchaighdeán, ábhartha agus oiriúnach don fheidhm agus tagairt oiriúnach déanta do thuairisceoirí ábhartha CNC.
- A chinntiú go bhfuil na beartais agus na prionsabail atá mar bhonn agus taca ag an CNC[2] leabaithe a ndóthain sa phróiseas deartha agus athbhreithnithe clár agus dámhachtana maidir le torthaí foghlama a fhorbairt, roghnú leibhéil ar an CNC agus úsáid chuí a bhaint as tuairisceoirí cineáil dámhachtana.
- A chinntiú go bhfuil nósanna imeachta rochtana, aistrithe agus forchéimnithe i bhfeidhm agus go ndéantar tagairt iontu do gach clár as a leanann dámhachtain laistigh den CNC.
- A chinntiú go bhfuil nósanna imeachta maidir le DC agus rochtain, aistriú agus forchéimniú (ATP)[3] i bhfeidhm ag soláthraithe comhlachaithe, go gcloíonn siad le gach treoir ón QQI, agus go leanann siad de bheith ag cosaint shláine na gcáilíochtaí a bhaineann leis na cláir a sheachadann siad.
- Monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar sholáthraithe comhlachaithe de réir aon amlínte agus treoirlínte arna n-eisiúint ag QQI le fócas ar aon riosca do shláine an CNC agus

1 Eolas breise interpretation-and-practical-application-of-the-qqi-core-statutory-quality-assurance-guidelines-section-2.1-governance-and-management-of-quality.pdf

2 pol_&_crit.qxd (qqi.ie); determinations.qxd (qqi.ie); NFQ Grid Level Indicators.pdf (qqi.ie); descriptors-minor-spa-supplemental-awards.pdf (qqi.ie); Professional Award Type Descriptors.pdf (qqi.ie)

3 qp-20-policy-restatement-policy-on-criteria-for-atp-in-relation-to-learners-for-providers-of-fh-et.pdf (qqi.ie)

an chórais cáilíochtaí níos leithne a aithint.

- Bonn acmhainní a thacú agus a bhainistiú a bheith dóthanach chun tacú go hinbhuanaithe leis an gcóras DC agus le cláir oideachais agus oiliúna as a leanann dámhachtainí ar an gCreat agus na seirbhísí gaolmhara a thairgtear.
- An fhaisnéis riachtanach a sholáthar do QQI.
- A chinntiú nuair a laghdaítear a acmhainn ar aon bhealach (mar shampla laghduithe ar fhoireann, acmhainní, agus fachtóirí eile a bhaineann le soláthar oideachais agus oiliúna; an cumas seasamh le coinníollacha agus caighdeáin chuimsiú na ndámhachtainí laistigh den CNC nó aon ábhar suntasach eile), go gcuirfear QQI ar an eolas.
- A chinntiú go gcuirfear aon teagmhas díobhálach in iúl do QQI.

Tá an próiseas trína mbunaíonn QQI foras mar LAB agus trína gcuimsítear a dhámhachtainí laistigh den CNC leagtha amach i *mBeartas agus Critéir QQI chun Foras Cáiliúchán Liostaithe a Bhunú agus i mBeartas agus Critéir QQI maidir le Dámhachtainí a Chuimsiú laistigh den Chreat.*

## 4. DÁMHACHTAINÍ A CHUIMSIÚ LAISTIGH DEN CNC

Beidh nósanna imeachta DC ag LABanna a thabharfaidh cuntas ar na critéir atá liostaithe thíos. I gcás LABanna neamhsholáthraí, cinnteoidh siad go mbeidh nósanna imeachta maidir le DC i bhfeidhm ag soláthraithe comhlachaithe.

- Socruithe cuí DC agus rialachais a bheith i bhfeidhm lena chinntiú go ndéantar gach dámhachtain a mheas, a cheistiú agus a cheadú sula gcuirtear faoi bhráid QQI iad lena gcuimsiú laistigh den Chreat.
- Socruithe rochtana, aistrithe agus forchéimnithe (ATP) a chomhlíonann critéir QQI a bheith acu.
- A chinntiú go bhfuil dámhachtainí, agus na cláir as a leanann siad, deartha go cuí chun freastal ar na riachtanais le haghaidh cuimsiú laistigh den CNC.
- Caighdeáin dámhachtainí sonracha a fhorbairt a léiríonn tuairisceoirí cineáil dámhachtana agus táscairí leibhéil CNC.
- Monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar dhámhachtainí agus bearta riachtanacha a dhéanamh lena chinntiú go gcuimseofar laistigh den CNC i gcónaí iad.
- A chinntiú go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm chun córais thrédhearcacha a sholáthar maidir le carnadh creidmheasanna agus aistriú creidmheasa atá comhsheasmhach le polasaí QQI do leibhéil 1-6 agus leis na Prionsabail agus na Treoirlínte Oibriúcháin chun Creidmheas a Chur i bhFeidhm in Ardoideachas na hÉireann[4] agus leis an gCóras Eorpach Aistrithe Creidiúna. (ECTS).
- Monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar an ngá leanúnach le dámhachtainí atá cuimsithe laistigh den CNC agus ar a n-oiriúnacht. Áireoidh athbhreithnithe den sórt sin foireann acadúil agus ghairmiúil inmheánach agus raon leathan páirtithe leasmhara lena n-áirítear foghlaimeoirí, céimithe, maoinitheoirí, fostóirí, comhlachtaí gairmiúla, rialtóirí, agus

4 Tá prionsabail agus treoirlínte oibriúcháin do chreidmheas san ardoideachas glactha ag QQI. principlesandoperguidelinesgreen.pdf (qqi.ie)

comhpháirtithe tionscail ábhartha.

- Beartais agus nósanna imeachta scrúdaithe inmheánacha agus seachtracha cuí a chur i bhfeidhm chun iontaofacht measúnaithe agus oiriúnacht leanúnach na gcaighdeán dámhachtana a chinntiú sa chomhthéacs náisiúnta agus idirnáisiúnta.
- A chinntiú go bhfuil nósanna imeachta measúnaithe ag teacht le torthaí foghlama, le caighdeán dámhachtana, le leibhéal an CNC agus le cineál na dámhachtana.
- Soláthraithe comhlachaithe a cheadú, ag cinntiú go bhfuil fianaise ag soláthraithe dá leithéid go bhfuil na rialacháin arna mbunú faoi Alt 29B den Acht á gcomhlíonadh agus de réir aon treoirlínte arna n-eisiúint ag QQI, mar a mhínítear tuilleadh in Alt 11.1.
- Ceadú agus athbhreithniú a dhéanamh ar DC, ATP, agus nósanna imeachta measúnaithe na soláthraithe comhlachaithe.
- Monatóireacht agus athbhreithniú a dhéanamh ar fheidhmíocht na soláthraithe comhlachaithe agus ar an soláthar as a leanann dámhachtainí ar dámhachtainí an LAB iad atá cuimsithe laistigh den Chreat.
- Nósanna imeachta a bheith i bhfeidhm chun soláthraithe comhlachaithe a scor.
- Coinníollacha nua a fhorchur ar sholáthraithe comhlachaithe ar threoir ó QQI.
- Beidh gá le nósanna imeachta DC breise más mian le LAB raon feidhme a chuimsiú dámhachtainí laistigh den Chreat a athrú. I measc samplaí d’athruithe suntasacha a bhféadfadh nósanna imeachta breise DC a bheith ag teastáil uathu tá:
    - Nuair a bhíonn leibhéal nua ar CNC, réimse nua foghlama (ISCED) nó modh nua seachadta i gceist le dámhachtainí molta.

# 5. IONRACAS ACADÚIL AGUS TAIGHDE

Ceanglófar ar LABanna cur le sláine an chórais cáilíochtaí, lena n-áirítear ionracas acadúil agus taighde, agus seasamh leis. Ba chóir go leagfaí amach sna nósanna imeachta DC cur chuige an fhorais agus a thiomantas d’ionracas acadúil agus taighde, ag tagairt do na treoirlínte um ionracas acadúil arna n-eisiúint ag an Líonra Náisiúnta um Ionracas Acadúil (NAIN)[5].

Beifear ag súil go ndéanfaidh LABanna neamhsholáthraí maoirsiú agus monatóireacht ar chur i bhfeidhm chultúr ionracas acadúil agus taighde ag soláthraithe comhlachaithe.

Ba cheart do gach LAB na nithe seo a leanas a chuimsiú sa chur chuige maidir le hionracas acadúil:

- forbairt agus cur i bhfeidhm bheartais agus nósanna imeachta d’ionracas acadúil agus taighde
- forbairt agus cur i bhfeidhm pholasaí agus nósanna imeachta um mhí-iompar acadúil
- monatóireacht ar mhí-iompar acadúil
- fianaise ó chur i bhfeidhm ionracas acadúil agus mí-iompair acadúil chun forbairt agus athbhreithniú cláir a threorú

5 academic-integrity-guidelines.pdf (qqi.ie)

- aithint agus tacaíocht a thabhairt do mhic léinn atá i mbaol mí-iompair acadúil
- oiliúint maidir le hionracas acadúil agus taighde a sholáthar don fhoireann agus do mhic léinn.

## 6. MEASÚNÚ AGUS GNÓTHACHTÁIL FOGHLAIMEOIRÍ

Beidh nósanna imeachta, struchtúir agus acmhainní DC ag na LABanna chun tacú le measúnú cothrom comhsheasmhach ar fhoghlaimeoirí a chomhlíonann prótacail bheartais, coinbhinsiúin agus treoirlínte QQI ar mheasúnú.

Cinnteoidh na LABanna go mbeidh nósanna imeachta den sórt sin i bhfeidhm ag soláthraithe comhlachaithe agus go ndéanfaidh siad dóthain maoirseachta lena chinntiú nach mbronntar cáilíochtaí ach ar na foghlaimeoirí sin a bhfuil na torthaí foghlama beartaithe léirithe acu.

Breithneoidh na LABanna oiriúnacht nósanna imeachta measúnaithe agus an gaol atá acu leis na dámhachtainí molta lena n-áirítear leibhéal CNC agus cineál dámhachtana.

## 7. DEIMHNIÚ

Beidh nósanna imeachta DC ag LABanna ina leagtar amach nósanna imeachta do dheimhniú dámhachtainí agus do chothabháil taifead foghlaimeora agus dámhachtana. Ní mór do nósanna imeachta agus cleachtais deimhniúcháin díriú ar:

- gnéithe agus prótacail sábháilteachta chun atáirgeadh calaoiseach deimhnithe a theorannú
- oideachas agus for-rochtain le fostóirí, earcaitheoirí, agus páirtithe leasmhara eile maidir le deimhnithe oifigiúla
- cásanna de dheimhnithe calaoiseacha a thuairisciú do QQI.

## 8. ROCHTAIN, AISTRIÚ AGUS FORCHÉIMNIÚ

Ní mór do na LABanna nósanna imeachta um rochtain, aistriú agus forchéimniú (ATP) a bhunú, lena n-áirítear tagairt d'aitheantas réamhfhoghlama (RPL), ag teacht le beartas arna eisiúint ag QQI.[6] Ní mór faisnéis ATP maidir le gach dámhachtain aonair a chuimsítear laistigh den Chreat a fhoilsiú agus a bheith inrochtana d'fhoghlaimeoirí.

Ní mór do LABanna a chinntiú go bhfuil nósanna imeachta ATP i bhfeidhm ag soláthraithe comhlachaithe, lena n-áirítear tagairt d'aitheantas réamhfhoghlama (RPL), ar aon dul le polasaí arna eisiúint ag QQI.

6 Access, transfer and progression | Quality and Qualifications Ireland (qqi.ie)

# 9. EARCAÍOCHT, BAINISTÍOCHT AGUS FORBAIRT FOIRNE

Forbrófar nósanna imeachta dearbhaithe cáilíochta an fhorais cháiliúcháin maidir le hearcú, bainistiú agus forbairt foirne i gcomhthéacs raon feidhme agus scála a fheidhm dámhachtana, agus nuair is ábhartha, seirbhísí gaolmhara.

Tabharfaidh LAB neamhsholáthraí breac-chuntas ina nósanna imeachta DC ar a phróiseas chun a chinntiú go bhfuil dóthain acmhainní daonna cuí ag soláthraithe comhlachaithe i gcomhthéacs raon feidhme agus scála a soláthair ó thaobh dámhachtainí atá cuimsithe laistigh den Chreat.

# 10. GEALLTANAIS EORPACHA

Tá na Caighdeáin agus na Treoirlínte um Dhearbhú Cáilíochta i Réimse Ardoideachais na hEorpa (ESG), Bealtaine 2015, mar bhonn agus taca leis na treoirlínte seo. Ní mór do nósanna imeachta DC na LABanna a thairgeann dámhachtainí atá cuimsithe laistigh den CNC féachaint do:

- aon chaighdeáin, treoirlínte, treoracha nó beartais Eorpacha a ghlactar go náisiúnta
- an *Cur Chuige Eorpach um Dhearbhú Cáilíochta na gClár Comhpháirteach*, Deireadh Fómhair 2014 (arna cheadú ag airí an EHEA i mBealtaine 2015), de réir mar is iomchuí (i dteannta Bheartas QQI maidir le Cláir Chomhoibríocha, Cláir Thrasnáisiúnta agus Dámhachtainí Comhpháirteacha [Athbhreithnithe 2012]).

Caithfidh nósanna imeachta dearbhaithe cáilíochta na ndaoine a thairgeann dámhachtainí breisoideachais agus oiliúna féachaint don Chreat Tagartha Eorpach um Dhearbhú Cáilíochta[7].

# 11. FREAGRACHTAÍ NA BHFORAS CÁILIÚCHÁIN

Baineann na treoirlínte le LABanna mar fhorais cháiliúcháin atá freagrach as a gcláir oideachais agus oiliúna féin, taighde, agus seirbhísí gaolmhara agus as aon chláir a thairgeann soláthraithe comhlachaithe as a leanann dámhachtainí atá cuimsithe laistigh den CNC arna ndéanamh ag LABanna. Ceanglaítear ar LABanna féachaint do na treoirlínte DC seo agus a nósanna imeachta DC féin á mbunú, á n-athnuachan agus á n-athbhreithniú acu agus iad ag ceadú agus ag athbhreithniú éifeachtacht nósanna imeachta DC a gcuid soláthraithe comhlachaithe.

## 11.1 OIRIÚNACHT SOLÁTHRAITHE COMHLACHAITHE

I gcás ina bhfostaíonn LAB soláthraithe comhlachaithe chun cláir a sheachadadh as a leanfaidh

7 Creat EQAVET - Fostaíocht, Gnóthaí Sóisialta & Cuimsiú - An Coimisiún Eorpach (europa.eu)

dámhachtainí an fhorais cháiliúcháin atá cuimsithe laistigh den Chreat, ní mór dó a phróiseas chun measúnú a dhéanamh ar oiriúnacht agus oiriúnacht chorparáideach an tsoláthraí chomhlachaithe a chuimsiú ina nósanna imeachta féin.

### 11.1.1 DÍCHEALL CUÍ MAIDIR LE OIRIÚNACHT CHORPARÁIDEACH

Féachfaidh nósanna imeachta dá leithéid do rialacháin Alt 29B arna n-eisiúint ag an Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta (DFEHRIS) agus treoirlínte tacaíochta arna n-eisiúint ag QQI. Tá an LAB freagrach as a chinntiú go léiríonn soláthraithe comhlachaithe gur comhlíonadh na rialacháin seo ar dtús agus ar bhonn leanúnach.

Ceanglófar ar LABanna a dheimhniú do QQI go bhfuil na ceanglais díchill chuí comhlíonta ag soláthraithe comhlachaithe. Coimeádann QQI an ceart chun a dhícheall cuí féin a dhéanamh ar sholáthraithe comhlachaithe sula gceadaítear íocaíocht isteach sa Chiste um Chosaint Foghlaimeoirí.

Ní mór do LABanna a bheith feasach ar aon riosca dá gclú féin; an earnáil agus/nó an córas cáilíochtaí náisiúnta a bhaineann le haon soláthraithe comhlachaithe ionchasacha. Ba cheart monatóireacht agus bainistiú a dhéanamh air seo mar chuid den mhonatóireacht agus den athbhreithniú leanúnach ar sholáthróirí seanbhunaithe comhlachaithe.

## 11.2. DEARBHÚ CÁILÍOCHTA SOLÁTHRAITHE COMHLACHAITHE

I gcás ina ndéanann LAB dámhachtain i leith clár a thairgeann soláthraí comhlachaithe, ní mór dó foráil a dhéanamh ina nósanna imeachta DC féin chun **maoirseacht, monatóireacht** agus **athbhreithniú** a dhéanamh ar éifeachtúlacht nósanna imeachta DC gach ceann dá sholáthróirí comhlachaithe.

Clúdóidh nósanna imeachta den sórt sin:

- Maoirseacht a dhéanamh ar nósanna imeachta DC na soláthraithe comhlachaithe a mbronntar dámhachtain de chuid an LAB mar thoradh ar a gclár nó a gcláir, ag féachaint do threoirlínte ábhartha DC QQI.
- Monatóireacht ar chláir as a leanann dámhachtainí an LAB.
- Athbhreithniú ag an LAB ar éifeachtacht na nósanna imeachta DC arna mbunú agus arna gcur i bhfeidhm ag an soláthraí comhlachaithe. Is é an LAB a dhéanfaidh an t-athbhreithniú ar sholáthraí comhlachaithe agus i gcomhréir le haon nósanna imeachta arna bhfoilsiú ag QQI. Ba chóir go ndéanfaí foráil sna nósanna imeachta chun cóip den tuarascáil athbhreithnithe a sheoladh chuig QQI.
- Scor soláthraí comhlachaithe de bharr feidhmíocht mhíshásúil, lena bhféadfaí nósanna imeachta DC neamhleor a áireamh chun sláine na ndámhachtainí agus an CNC a choinneáil. Áireofar leis seo nósanna imeachta chun fógra faoi aon tarraingt siar den sórt sin a chur ar aghaidh chuig QQI.
- Ba cheart do na LABanna a chinntiú go bhféachfaidh soláthraithe comhlachaithe don tsraith treoirlínte DC a d'eisigh QQI agus a nósanna imeachta DC féin á gcur i dtoll a chéile acu.

## 11.3 NÓSANNA IMEACHTA UM DHEARBHÚ CÁILÍOCHTA NA SOLÁTHRÓIRÍ COMHLACHAITHE A CHEADÚ

Agus a fhreagrachtaí reachtúla á gcomhlíonadh ag QQI maidir le treoirlínte DC a sholáthar go díreach do na soláthraithe comhlachaithe, tá treoir tugtha ag QQI do sholáthraithe comhlachaithe féachaint do na Croí-Threoirlínte Reachtúla um Dhearbhú Cáilíochta agus ar gach treoirlíne ábhartha a bhaineann go sonrach leis an earnáil.

Agus nósanna imeachta DC soláthraithe comhlachaithe á mbreithniú, cinnteoidh LABanna go foirmiúil gur fhéach an soláthraí comhlachaithe do na nithe seo a leanas:

**Treoirlínte QQI um dhearbhú cáilíochta mar seo a leanas[8]:**

- *Croí-Threoirlínte Reachtúla um Dhearbhú Cáilíochta*
- *Treoirlínte Sain-Earnála do Sholáthraithe Neamhspleácha agus Príobháideacha mar is cuí.*
- aon treoirlínte saintopaice DC, mar is cuí.

**Ceanglais LAB-shonracha amhail:**

- beartais, nósanna imeachta agus treoirlínte an LAB ábhartha
- treoracha maidir le foirm agus modh foilsithe nósanna imeachta DC arna gceadú ag an LAB.

## 11.4 CÁILÍOCHTAÍ A DHÁMHACHTAIN AGUS A DHEIMHNIÚ

- Beidh nósanna imeachta doiciméadaithe i bhfeidhm ag na LABanna chun cáilíochtaí a bhronnadh agus a dheimhniú. Cinnteoidh nósanna imeachta dá leithéid go léireoidh foghlaimeoirí gnóthú thorthaí foghlama an chláir ábhartha sula mbronntar cáilíocht.
- Beidh rialacháin institiúideacha acadúla nó rialacháin inchomparáide eile ag na LABanna ina dtugtar breac-chuntas ar na rialacha measúnaithe a rialaíonn socruithe forchéimnithe agus dámhachtana agus treoirlínte maidir le creidmheas a dheonú agus le aicmiú dámhachtana a chinneadh, nuair is ábhartha.
- Beidh nósanna imeachta doiciméadaithe ag LABanna chun dámhachtainí a dheimhniú agus chun taifid foghlaimeoirí agus dámhachtainí a choinneáil. Baineann na nósanna imeachta seo le gach dámhachtain a dhéanann an LAB, lena n-áirítear i gcás seachadadh cláir ag soláthraí comhlachaithe.
- Caithfidh na nósanna imeachta deimhniúcháin foirm an deimhnithe a leagan amach (i.e.) tras-scríbhinní, forlíontaí nó páir a eisítear i leith cáilíochtaí atá cuimsithe laistigh den Chreat lena n-áirítear tagairt do theideal na cáilíochta; leibhéal, cineál agus aicme na cáilíochta mar a shainaithnítear é laistigh den CNC; leibhéal comhfhreagrach na cáilíochta laistigh den Chreat Eorpach um Cháilíochtaí; an luach creidmheasa iomlán a ghabhann leis an gcáilíocht a bronnadh.
- Ní mór do gach LAB a bhronnann dámhachtainí ardoideachais atá cuimsithe laistigh den CNC Forlíontaí Dioplóma Eorpacha a eisiúint atá ag teacht leis na caighdeáin arna

8 Quality assurance guidelines | Quality and Qualifications Ireland (qqi.ie)

gcomhaontú ag an Aontas Eorpach, Comhairle na hEorpa agus UNESCO, agus le treoir arna fhoilsiú ag QQI mar Lárionad Náisiúnta Europass na hÉireann[9].

- Ní mór do gach LAB a bhronnann dámhachtainí breisoideachais agus gairmoideachais atá cuimsithe laistigh den CNC Forlíonadh Teastas Europass a eisiúint i gcomhréir leis na caighdeáin arna gcomhaontú ag an Aontas Eorpach[10].
- Ní mór an t-eolas seo a leanas a chuimsiú i bhForlíontaí Deimhnithe agus Dioplóma:
    - Ainm agus leibhéal na dámhachtana sa dlínse baile, más éagsúil iad leis an gceann a bronnadh sa Stát, chun inchomparáideacht agus trédhearcacht dámhachtainí a chinntiú.
    - Eolas maidir le leibhéal agus teideal na dámhachtana, má thairgtear iad i ndlínsí eile.
    - Eolas faoi leibhéal na dámhachtana laistigh den Chreat Eorpach um Cháilíochtaí.

9 Is é QQI óstach Lárionad Náisiúnta Europass na hÉireann https://www.qqi.ie/Articles/Pages/Europass.aspx
10 Forlíonadh Deimnithe Europass | Europass

# AGUISÍN A: GLUAIS GIORRÚCHÁN, ACRAINMNEACHA AGUS TÉARMAÍ

| | |
|---|---|
| **Acht 2012 ('an tAcht')** | Acht um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíochta (Oideachas agus Oiliúint) 2012 (leasú) |
| **Rochtain, aistriú agus forchéimniú** | Déantar i rochtain, aistriú agus forchéimniú (ATP) cur síos ar na conairí atá ar fáil d'fhoghlaimeoirí chun dul isteach, aistriú eatarthu agus dul ar aghaidh ó chláir oideachais agus oiliúna, arb iad an príomhbhealach iad chun dámhachtainí agus cáilíochtaí a bhaint amach. |
| **Measúnú** | Ciallaíonn measúnú ar fhoghlaimeoirí (measúnú foghlama go sonrach) tuiscint (m.sh. breithiúnas nó meastachán nó meastóireacht) ar eolas, scil nó inniúlacht foghlaimeora trína chur i gcomparáid le caighdeán atá bunaithe ar fhianaise chuí. Tá féinmheasúnú san áireamh leis seo. |
| **Soláthraí comhlachaithe** | Ciallaíonn soláthraí comhlachaithe soláthraí, a bhfuil áit ghnó aige sa Stát, a théann isteach i socrú le LAB faoina soláthraíonn an soláthraí clár oideachais agus oiliúna a shásaíonn na réamhriachtanais go léir le haghaidh dámhachtain den LAB atá san áireamh. Iaistigh den Chreat. |
| **Dámhachtain** | Dámhachtain (cáilíocht) a bhronntar, a dheonaítear nó a thugann foras cáiliúcháin trína dtaifeadtar go bhfuil caighdeán eolais, scile nó inniúlachta gnóthaithe ag foghlaimeoir. |
| **Foras cáiliúcháin** | Foras a eisíonn dámhachtainí trína n-aithnítear torthaí foghlama go foirmiúil (eolas, scileanna, inniúlachtaí) duine aonair, tar éis nós imeachta measúnaithe agus bailíochtaithe. |

| | |
|---|---|
| **Caighdeán dámhachtana** | Aithnítear i gcaighdeáin dámhachtana na torthaí foghlama a bhfuiltear ag súil leo, lena n-áirítear gach oideachas agus oiliúint do chineál áirithe dámhachtana. Baineann siad leis an eolas, an fios gnó agus an scil, agus an inniúlacht a mbeifear ag súil leis ón bhfoghlaimeoir atá le dámhachtain a ghnóthú. Áirítear leo caighdeáin ghinearálta do chineál áirithe dámhachtana agus caighdeáin shonracha do dhámhachtainí ainmnithe in ábhair nó i réimsí foghlama ar leith. Ba cheart go mbeadh caighdeáin inchomparáide eolais, scile agus inniúlachta ag foghlaimeoirí a bhfuil dámhachtainí den chineál céanna acu. |
| **Cineál dámhachtana** | Tá ceithre phríomhaicme dámhachtana cuimsithe laistigh den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí - mórdhámhachtain, miondámhachtain, dámhachtain sainchuspóra agus dámhachtain fhorlíontach. Tá cineálacha dámhachtainí gairmiúla ar fáil freisin agus úsáidtear iad go príomha i gcomhar le cineál dámhachtana eile. |
| **LABanna Cumaisc** | Feidhmíonn eagraíochtaí múnla cumaisc trína seachadann siad cuid dá gcláir féin as a leanann dámhachtainí a chuimsítear laistigh den Chreat agus ina bhfostaíonn siad soláthraithe comhlachaithe chun cláir eile a sheachadadh as a leanfaidh dámhachtainí atá cuimsithe laistigh den Chreat. |
| **Méid na gcreidmheasanna** | Tugtar méid na foghlama ar mhéid na foghlama is gá do dhámhachtain. I bhfoirm creidmheasanna e.g. 15 chreidmheas nó 240 creidiúint a thomhaistear méid na foghlama. |
| **DFEHRIS** | An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta |
| **EHEA** | Limistéar Eorpach an Ardoideachais |
| **ESG** | Caighdeáin agus Treoirlínte um Dhearbhú Cáilíochta i Réimse Ardoideachais na hEorpa |

| | |
|---|---|
| **Europass** | Is ardán ar líne saor in aisce é Europass a thairgeann raon faisnéise, uirlisí agus acmhainní chun cabhrú leat oibriú agus foghlaim ar fud na hEorpa. Is é QQI a bhainistíonn Lárionad Europass Náisiúnta na hÉireann agus eagraíonn sé gníomhaíochtaí cur chun cinn do pháirtithe leasmhara agus d'úsáideoirí Europass. |
| **An Córas Eorpach Aistrithe Creidiúna (ECTS)** | Is córas creidmheasa atá dírithe ar an bhfoghlaimeoir é an Córas Eorpach Aistrithe agus Carntha Creidmheasa (ECTS) atá deartha chun é a dhéanamh níos fusa do mhic léinn bogadh idir tíortha éagsúla. Cuireann creidmheasanna ECTS in iúl méid na foghlama bunaithe ar thorthaí foghlama sainithe agus an t-ualach oibre a bhaineann leo. Cuidíonn ECTS freisin le cláir staidéir a phleanáil, a sheachadadh agus a mheas, agus déanann sé níos trédhearcaí iad.[11] |
| **An Creat Eorpach um Cháilíochtaí (EQF)** | Is meiteachreat 8 leibhéal (bunaithe ar thorthaí foghlama) é do gach cineál cáilíochtaí an Creat Eorpach um Cháilíochtaí (EQF). Feidhmíonn sé mar uirlis aistriúcháin idir creataí náisiúnta cáilíochtaí éagsúla.[12] |
| **Clár Cáilíochtaí na hÉireann (IRQ)** | Is é Clár Cáilíochtaí na hÉireann (IRQ) bunachar sonraí Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI) do dhámhachtainí, soláthraithe agus cláir. |
| **ISCED** | Is é atá in Aicmiú Caighdeánach Idirnáisiúnta Oideachais an t-aicmiú tagartha idirnáisiúnta chun cláir oideachais agus cáilíochtaí gaolmhara a eagrú de réir leibhéil agus réimsí.[13] |
| **Comhdhámhachtain** | Is féidir le dhá fhoras cáiliúcháin nó níos mó, a bhfuil cumhachtaí dámhachtana acu, dámhachtain amháin a bhronnadh ar fhoghlaimeoir. |
| **Learning Outcomes** | Athraíonn eolas, scil agus inniúlacht foghlaimeora mar thoradh ar an bhfoghlaim. Tugann torthaí foghlama breac-chuntas ar a bhfuiltear ag súil go mbeidh a fhios ag foghlaimeoir, a bheidh in ann a dhéanamh agus a thuiscint ag deireadh próisis foghlama.[14] |

11 An Coimisiún Eorpach. An Córas Eorpach Aistrithe Creidiúna (ECTS) [online]. Ar fáil ag: https://education.ec.europa.eu/education-levels/higher-education/inclusive-and-connected-higher-education/european-credit-transfer-and-accumulation-system.

12 Europass Aontas Eorpach. An Creat Eorpach um Cháilíochtaí. [ar líne] Ar fáil ag: https://europa.eu/europass/en/europass-tools/european-qualifications-framework.

13 International Standard Classification of Education (ISCED) - Statistics Explained (europa.eu)

14 Cedefop, 2017. Defining, writing and applying learning outcomes: a European handbook. Lucsamburg Oifig na bhFoilseachán Ar fáil ag: http://dx.doi.org/10.2801/566770.

| | |
|---|---|
| **Forais Cháiliúcháin Liostaithe (LABanna)** | Is foras cáiliúcháin é foras cáiliúcháin liostaithe (LAB) nach bhfuil cumhachtaí dámhachtana reachtúla ó thaobh dámhachtainí CNC aige sa Stát agus a fhéachann go deonach lena dhámhachtainí a chuimsiú laistigh den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí.<br><br>Ní fhéadfaidh LAB a chumhacht chun dámhachtainí a chuimsítear laistigh den CNC a dhéanamh a tharmligean ná a aistriú. |
| **An Líonra Náisiúnta um Ionracas Acadúil (NAIN)** | Is líonra náisiúnta faoi thiomáint piaraí é an Líonra Náisiúnta um Ionracas Acadúil (NAIN) de bhaill foirne ó institiúidí ardoideachais na hÉireann, ionadaithe mac léinn, agus gníomhaireachtaí ionadaíocha ardoideachais agus rialachas agus maoirseacht á soláthar ag Coiste Stiúrtha NAIN. Tá an líonra á chomhordú ag QQI.<br><br>Bunaíodh an líonra chun tuiscint náisiúnta ar ionracas acadúil a chothú agus an bhrí atá leis i gcomhthéacs an ardoideachais. Tá sé mar aidhm ag an líonra eolas a thabhairt, oideachas a chur ar dhaoine, tacú le hathrú dearfach iompraíochta agus iniúchadh a dhéanamh ar bhealaí éifeachtacha chun mí-iompar acadúil a bhrath. |
| **An Creat Náisiúnta Cáilíochtaí (CNC) ('an Creat')** | Is córas 10-leibhéal é An Creat Náisiúnta Cáilíochtaí (CNC) a úsáidtear chun cur síos a dhéanamh ar cháilíochtaí i gcóras oideachais agus oiliúna na hÉireann. Léiríonn an CNC conas a dhéantar dámhachtainí oideachais ghinearálta, dámhachtainí breisoideachais agus oiliúna agus dámhachtainí ardoideachais a mhapáil ar 10 leibhéal an chreata. |
| **Tuairisceoirí cineáil dámhachtana CNC** | Is éard is tuairisceoir cineáil dámhachtana ann ná sraith ráiteas ar ghnóthachtáil ghinearálta foghlama trína gcuireann síos ar dhámhachtain ar bith de chineál ar leith. |

| | |
|---|---|
| **Greille táscairí leibhéil CNC** | Greille 10-Leibhéal Táscairí Leibhéil atá mar chuid de chinneadh Chreat Náisiúnta na gCáilíochtaí. Léiríonn an ghreille conas a théann na torthaí i ngach ceann de na hocht bhfo-shnáithe chun cinn thar na deich leibhéal. Tá na táscairí leibhéil atá leagtha amach sa ghreille seo ceaptha chun cur ar chumas Dhearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI) cineálacha dámhachtana a chur ag leibhéil chuí den Chreat, bunaithe ar an meascán de thorthaí foghlama atá iontu.[15] |
| **LABanna neamhsholáthraí** | Eagraíochtaí a fhostaíonn soláthraithe eile, ar a dtugtar soláthraithe comhlachaithe, chun na cláir as a leanfaidh dámhachtainí arna gcuimsiú laistigh den Chreat a sheachadadh. |
| **Clár** | Tagraíonn clár oideachais agus oiliúna d'aon phróiseas trína bhféadfaidh foghlaimeoirí eolas, scil nó inniúlacht a ghnóthú. Áirítear leis cúrsaí staidéir nó teagaisc, printíseachtaí, oiliúint agus fostaíocht. |
| **Soláthraí** | Is éard is 'soláthraí cláir oideachais agus oiliúna' ann ná duine nó foras a sholáthraíonn nó a eagraíonn clár oideachais agus oiliúna. |
| **LABanna soláthraí** | Eagraíochtaí a sheachadann a gcláir féin as a leanann dámhachtainí atá cuimsithe laistigh den Chreat. |
| **DC** | Dearbhú Cáilíochta |
| **Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI)** | Is í Cáilíocht agus Cáilíochtaí Éireann (QQI) an ghníomhaireacht stáit atá freagrach as DC seachtrach an bhreisoideachais agus an ardoideachais in Éirinn. |

15 Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí (QQI), 2019. Greille Táscairí Leibhéil an Chreata Náisiúnta Cáilíohtaí. [pdf] Baile Átha Cliath: QQI. Ar fáil ag: https://www.qqi.ie/sites/default/files/2022-09/NFQ%20Grid%20Level%20Indicators.pdf.

| | |
|---|---|
| **Soláthraí ábhartha** | Sainmhínitear an rud is soláthraí ábhartha ann faoi alt 1 d'Acht 2012 (leasaithe). Sainmhínitear an rud is soláthraí ábhartha ann faoi alt 1 d'Acht 2012 (leasaithe). Áirítear leo ollscoileanna; ollscoileanna teicneolaíochta; institiúidí teicneolaíochta; Coláiste Ríoga na Máinlianna in Éirinn (RCSI); soláthraithe a bhfuil a gcuid clár bailíochtaithe ag Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI); soláthraithe a bhfuil údarás tarmligthe acu ón QQI chun dámhachtainí a bhronnadh; soláthraithe atá údaraithe ag QQI chun an IEM a úsáid; soláthraithe nasctha; agus forais cháiliúcháin liostaithe a sholáthraíonn clár amháin nó níos mó as a leanann a ndámhachtainí féin a chuimsítear laistigh den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí (CNC). |
| **Aitheantas Réamhfhoghlama (RPL)** | Is próiseas é Aitheantas Réamhfhoghlama (RPL) chun na scileanna agus an t-eolas atá faighte ag duine sa saol lasmuigh den oideachas agus den oiliúint fhoirmiúil a mheas. |
| **UNESCO** | Eagraíocht Oideachais, Eolaíochta agus Chultúrtha na Náisiún Aontaithe |

# AGUISÍN B: FOINSÍ AGUS ACMHAINNÍ

Cedefop, 2017. *Defining, writing and applying learning outcomes: a European handbook.* Lucsamburg Oifig na bhFoilseachán Ar fáil ag: http://dx.doi.org/10.2801/566770.

An Roinn Breisoideachais agus Ardoideachais, Taighde, Nuálaíochta agus Eolaíochta Rialacháin/treoirlínte tacaíochta Alt 29B arna n-eisiúint ag QQI (le foilsiú)

Europass Aontas Eorpach. *Forlíonadh Deimhnithe Europass* I *Europass* [ar líne] Ar fáil ag: https://europa.eu/europass/en/learn-europe/certificate-supplement.

Europass Aontas Eorpach. *An Creat Eorpach um Cháilíochtaí.* [ar líne] Ar fáil ag: https://europa.eu/europass/en/europass-tools/european-qualifications-framework.

An Coimisiún Eorpach. *An Córas Eorpach Aistrithe Creidiúna (ECTS)* [online]. Ar fáil ag: https://education.ec.europa.eu/education-levels/higher-education/inclusive-and-connected-higher-education/european-credit-transfer-and-accumulation-system.

An Coimisiún Eorpach, An Ard-Stiúrthóireacht um Oideachas, Óige, Spórt agus Cultúr. *Próiseas Bologna agus an Limistéar Eorpach um Ardoideachas.* [online]. Ar fáil ag: https://education.ec.europa.eu/education-levels/higher-education/inclusive-and-connected-higher-education/bologna-process.

An Coimisiún Eorpach, An Ard-Stiúrthóireacht um Oideachas, Óige, Spórt agus Cultúr. *Treoir d'usáideoirí ECTS 2015* [online] Oifig na bhFoilseachán: 2017. Ar fáil ag: https://data.europa.eu/doi/10.2766/87192.

An Limistéar Eorpach um Ardoideachas (EHEA). *Creataí Cáilíochtaí.* [ar líne] Ar fáil ag: https://www.ehea.info/page-qualification-frameworks.

Jackson, N, Douglas, Dr. D, 2021. *Léirmhíniú agus Cur chun feidhme Praiticiúil i gcás Chroí-Threoirlínte Reachtúla QQI um Dhearbhú Cáilíochta Alt 2.1: Rialachas agus Bainistíocht Cáilíochta.* [pdf] Baile Átha Cliath: QQI. Ar fáil ag: https://arc.cct.ie/fac_books/5/.

An Líonra Náisiúnta um Ionracas Acadúil (NAIN) *Treoirlínte um Ionracas Acadúil* [pdf] Baile Átha Cliath: QQI. Ar fáil ag: https://www.qqi.ie/sites/default/files/2021-11/academic-integrity-guidelines.pdf.

Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann (NQAI), 2003. *Beartais agus Critéir chun an Creat Náisiúnta Cáilíochtaí a bhunú.* [pdf] Baile Átha Cliath: NQAI. Ar fáil ag: https://www.qqi.ie/sites/default/files/2022-09/Policies%20%26%20Criteria%20for%20the%20Establishment%20of%20the%20National%20Framework%20of%20Qualifications.pdf.

Údarás Náisiúnta Cáilíochtaí na hÉireann (NQAI), 2006. *Prionsabail agus Treoirlínte Oibríochtúla chun Cur Chuige Náisiúnta i leith Creidmheas a Fheidhmiú in Ardoideachas agus Oiliúint na hÉireann.* [pdf] Baile Átha Cliath: NQAI. Ar fáil ag: https://www.qqi.ie/sites/default/files/media/file-uploads/principlesandoperguidelinesgreen.pdf.

*Caighdeáin agus Treoirlínte um Dhearbhú Cáilíochta i Réimse Ardoideachais na hEorpa (ESG), 2015* [pdf] An Bhruiséil, An Bheilg. Ar fáil ag: https://www.ehea.info/media.ehea.info/file/ESG/00/2/ESG_2015_616002.pdf.

*Acht na gCáilíochtaí (Oideachas agus Oiliúint) 1999* [ar líne] Ar fáil ag: https://www.irishstatutebook.ie/eli/1999/act/26/enacted/en/html.

*An tAcht um Cháilíochtaí agus Dearbhú Cáilíohta (Oideachas agus Oiliúint) 2012 Athbhreithnithe.* [ar líne] Ar fáil ag: https://revisedacts.lawreform.ie/eli/2012/act/28/front/revised/en/html.

Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI) *Tuairisceoirí do Chineálacha Dámhachtainí Miondámhachtana, Sainchuspóra, Forlíontacha Dhearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann* [pdf]. Baile Átha Cliath: QQI. Ar fáil ag: https://www.qqi.ie/sites/default/files/2022-01/descriptors-minor-spa-supplemental-awards.pdf.

Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI) *Clár Cáilíochtaí na hÉireann* [ar líne] Ar fáil ag: https://irq.ie/.

Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí (QQI), 2012. *Beartas do Chláir Chomhoibríocha, Cláir Thrasnáisiúnta agus Comhdhámhachtainí, Leasaithe 2021.* [pdf]. Baile Átha Cliath: QQI. Ar fáil ag: https://www.qqi.ie/sites/default/files/2021-10/policy-for-collaborative-programmes-transnational-programmes-and-joint-awards.pdf.

Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí (QQI), 2014. *Beartas agus Critéir chun Dámhachtainí Gairmiúla a Aithint laistigh den Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí.* [pdf]. Baile Átha Cliath: QQI. Ar fáil ag: https://www.qqi.ie/sites/default/files/2021-11/qp-5-policy-and-criteria-for-recognising-professional-awards-within-the-nfq.pdf.

Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí (QQI), 2014. *Tuairisceoirí Cineálacha Dámhachtana Gairmiúla (Aicme Dámhachtainí: Gairmiúil) chun Dámhachtainí Gairmiula a Ailíniú ag Leibhéil 5, 6, 7, 8 agus 9 den CNC.* [pdf] Baile Átha Cliath: QQI. Ar fáil ag: https://www.qqi.ie/sites/default/files/2022-09/Professional%20Award%20Type%20Descriptors.pdf.

Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí (QQI), 2015. *Athráiteas ar Bheartas QQI: Beartas agus Critéir um Rochtain, Aistriú agus Forchéimniú maidir le Foghlaimeoirí do Sholáthraithe Breisoideachais agus Ardoideachais agus Oiliúna.* [pdf]. Baile Átha Cliath QQI. Ar fáil ag: https://www.qqi.ie/sites/default/files/media/file-uploads/ATP%20Policy%20Restatement%20FINAL%202018.pdf.

Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí (QQI), 2016. *Croí-Threoirlínte Reachtúla um Dhearbhú Cáilíochta [pdf]* Baile Átha Cliath: QQI. Ar fáil ag: https://www.qqi.ie/sites/default/files/2021-11/qg-1-core-statutory-quality-assurance-guidelines.pdf.

Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí (QQI), 2019. *Greille Táscairí Leibhéil an Chreata Náisiúnta Cáilíohtaí.* [pdf] Baile Átha Cliath: QQI. Ar fáil ag: https://www.qqi.ie/sites/default/files/2022-09/NFQ%20Grid%20Level%20Indicators.pdf.

Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí (QQI), 2021. *Rochtain, Aistriú agus Forchéimniú* [ar líne] Ar fáil ag: https://www.qqi.ie/what-we-do/qqi-awards/access-transfer-and-progression-provider.

Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí (QQI), 2021. *Achomharc a dhéanamh i gcoinne cinnidh a rinne QQI* [ar líne] Ar fáil ag: https://www.qqi.ie/appealing-a-decision-made-by-qqi.

Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí (QQI), 2021. *Certifying QQI Awards.* [ar líne] Ar fáil ag: https://www.qqi.ie/what-we-do/qqi-awards/certifying-qqi-awards-provider.

Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí (QQI), 2021. *Europass*. [ar líne] Ar fáil ag: https://www.qqi.ie/what-we-do/the-qualifications-system/europass.

Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí (QQI), 2021. *Dámhachtainí ar an CNC san áireamh*. [ar líne] Ar fáil ag: https://www.qqi.ie/what-we-do/the-qualifications-system/listed-awarding-bodies.

Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí (QQI), 2021. *Clár Cáilíochtaí na hÉireann* [ar líne] Ar fáil ag: https://www.qqi.ie/what-we-do/the-qualifications-system/irish-register-of-qualifications.

Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí (QQI), 2021. *An Líonra Náisiúnta um Ionracas Acadúil* [ar líne] Ar fáil ag: https://www.qqi.ie/what-we-do/engagement-insights-and-knowledge-sharing/national-academic-integrity-network.

Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí (QQI), 2021. *An Creat Náisiúnta Cáilíochtaí*. [ar líne] Ar fáil ag: https://www.qqi.ie/what-we-do/the-qualifications-system/national-framework-of-qualifications.

Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí (QQI), 2021. *Cosaint d'fhoghlaimeoirí cláraithe* [ar líne] Ar fáil ag: https://www.qqi.ie/what-we-do/quality-assurance-of-education-and-training/protection-of-enrolled-learners. [gabhfaidh rialacháin nua faoi Alt 29B den Acht a n-áit]

Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí (QQI), 2021. *Treoirlínte maidir le dearbhú cáilíochta:* [ar líne] Ar fáil ag: https://www.qqi.ie/node/632.

Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí (QQI), 2021. *Caighdeáin dámhachtana QQI* [ar líne] Ar fáil ag: https://www.qqi.ie/what-we-do/qqi-awards/qqi-awards-standards.

Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí (QQI), 2021. *Cineálacha Dámhachtana QQI* [ar líne] Ar fáil ag: https://www.qqi.ie/what-we-do/qqi-awards/qqi-awards-standards/types-of-qqi-awards.

Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí (QQI), 2022. *Assessment and Standards, Revised 2022*. [pdf]. Baile Átha Cliath: QQI. Ar fáil ag: https://www.qqi.ie/sites/default/files/2022-09/assessment_and_standards-revised-2022.pdf.

Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí (QQI), 2023. Beartas agus Critéir QQI chun Eagraíocht a Bhunú mar Fhoras Deimhniúcháin Liostaithe. [le foilsiú]

Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí (QQI), 2023. Croí-Bheartais agus Critéir maidir le Cuimsiú Dámhachtainí laistigh den Chreat [le foilsiú]

**Arna chomhchistiú ag an Aontas Eorpach**

Arna mhaoiniú ag an Aontas Eorpach. Tuairimí agus barúlacha de chuid an údair/na n-údar amháin atá sna tuairimí agus barúlacha a thugtar, agus ní gá go léiríonn siad cinn an Aontais Eorpaigh ná cinn Ghníomhaireacht Feidhmiúcháin Eorpach um Oideachas agus Cultúr (EACEA). Ní féidir leis an Aontas Eorpach ná le EACEA a bheith freagrach astu.